# Teangacha
# Cé mhéad teanga? (A)

**Tá ceathrar iarratasóirí ag cur isteach ar phost mar mhúinteoir teanga i nGaillimh. Tá cuid de gach próifíl agat féin agus an chuid eile ag do pháirtnéir. Críochnaígí gach próifíl le chéile mar sin. Líonaigí isteach an dá cheann seo le chéile, ar dtús:**

**1**

**Ainm:** Carlos Lopez

**Náisiúntacht:** Meicsiceach

**Teangacha:** Spáinnis agus…

**2**

**Ainm:** Sinéad Ní Chróinín

**Náisiúntacht:** Éireannach

**Teangacha:** Gaeilge agus…

**Anois, líonaigí isteach an dá cheann seo:**

**3**

**Ainm:**

**Náisiúntacht:**

**Teangacha:**

...Fraincis

**4**

**Ainm:**

**Náisiúntacht:**

**Teangacha:**

**…**Sínis

1. **Cé dó a dtabharfá an post agus cén fáth? Bí ag labhairt le do pháirtnéir.**

2. **Cé mhéad teanga atá agat féin? Scríobh síos na teangacha atá agat.**

   **Mar shampla:** Tá ceithre cinn agam, Béarla, Gaeilge, Fraincis agus Spáinnis.

___________________________________________________________

3. **Faigh amach cé mhéad teanga atá ag do pháirtnéir.**

# Teangacha
# Cé mhéad teanga? (B)

**Tá ceathrar iarratasóirí ag cur isteach ar phost mar mhúinteoir teanga i nGaillimh. Tá cuid de gach próifíl agat féin agus an chuid eile ag do pháirtnéir. Críochnaígí gach próifíl le chéile mar sin. Líonaigí isteach an dá cheann seo le chéile, ar dtús:**

**1**

**Ainm:**

**Náisiúntacht:**

**Teangacha:**

…Fraincis

**2**

**Ainm:**

**Náisiúntacht:**

**Teangacha:**

…Béarla

**Anois, líonaigí isteach an dá cheann seo:**

**3**

**Ainm:** Antoinette Depaul

**Náisiúntacht:** Francach

**Teangacha:** Polainnis agus …

**4**

**Ainm:** Sergio Rossi

**Náisiúntacht:** Iodálach

**Teangacha:** Iodáilis, Gréigis Fraincis agus…

1. **Cé dó a dtabharfá an post agus cén fáth? Bí ag labhairt le do pháirtnéir.**

2. **Cé mhéad teanga atá agat féin? Scríobh síos na teangacha atá agat.**

   **Mar shampla:** Tá ceithre cinn agam, Béarla, Gaeilge, Fraincis agus Spáinnis.

___________________________________________________________

3. **Faigh amach cé mhéad teanga atá ag do pháirtnéir.**

# Teangacha
# Suirbhé

| Teanga | líofa | maith | measartha maith | beagán | faic |
|---|---|---|---|---|---|
| Béarla | | | | | |
| Gaeilge | | | | | |
| Fraincis | | | | | |
| Gearmáinis | | | | | |
| Spáinnis | | | | | |
| ____________ | | | | | |
| ____________ | | | | | |

# Teangacha
# Leibhéal deacrachta (A)

Tá liosta de theangacha agus de scileanna difriúla sa bhosca thíos. Cum ceisteanna mar seo: *An bhfuil Béarla an-éasca?* Beidh ar do pháirtnéir a thuairim faoi gach ceann a chur in iúl duit freisin. Féach ar an gcomhrá samplach:

**Duine A: An bhfuil Béarla an-éasca?**
**Duine B: Níl, tá Béarla éasca go leor.**

Tá sé ródheacair
Tá sé an-deacair
Tá sé furasta/éasca go leor
Tá sé an- fhurasta/éasca

| | | | |
|---|---|---|---|
| cócaireacht | Sínis | Fraincis | tiomáint |
| clóscríobh | | Gaeilge | snámh |

...............................................✂...............................................

# Teangacha
# Leibhéal deacrachta (B)

Tá liosta de theangacha agus de scileanna difriúla sa bhosca thíos. Cum ceisteanna mar seo: *An bhfuil Béarla an-éasca?* Beidh ar do pháirtnéir a thuairim faoi gach ceann a chur in iúl duit freisin. Féach ar an gcomhrá samplach:

**Duine A: An bhfuil Béarla an-éasca?**
**Duine B: Níl, tá Béarla éasca go leor.**

Tá sé ródheacair
Tá sé an-deacair
Tá sé furasta/éasca go leor
Tá sé an- fhurasta/éasca

| | | | |
|---|---|---|---|
| amhránaíocht | Spáinnis | Béarla | tiomáint |
| ceol | sciáil | | Iodáilis |